2025/264

10.2.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/264 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Samhain 2024

lena leagtar síos an teimpléad lena n-áirítear príomhtháscairí feidhmíochta le haghaidh thuairisciú na mBallstát faoi Threoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 7744)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le creat chun Córais Chliste Iompair a chur chun úsáide i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadain le modhanna eile iompair ([1]), agus go háirithe Airteagal 17(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 17 de Threoir 2010/40/AE, ceanglaítear ar na Ballstáit tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 21 Márta 2025 maidir le cur chun feidhme na Treorach sin agus na ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh ar a bonn agus tugtar de chumhacht don Choimisiún an teimpléad a leagan síos do thuarascáil den sórt sin. Maidir leis na gníomhartha tarmligthe, glacadh Rialacháin Tharmligthe (AE) Uimh. 305/2013 ([2]), (AE) Uimh. 885/2013 ([3]), (AE) Uimh. 886/2013 ([4]), (AE) 2015/962 ([5]), (AE) 2017/1926 ([6]) agus (AE) 2022/670 ([7]) ón gCoimisiún. Tá Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/670 le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/962 a aisghairm ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh, agus dá bhrí sin níor cheart tagairt a dhéanamh sa teimpléad ach do Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/670.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 17(1) de Threoir 2010/40/AE, sonrófar sa tuarascáil príomhghníomhaíochtaí agus príomhthionscadail náisiúnta an Bhallstáit maidir leis na réimsí tosaíochta agus infhaighteacht gheografach na sonraí agus na seirbhísí a liostaítear in Iarscríbhinn III agus IV a ghabhann leis an Treoir sin. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) de Threoir 2010/40/AE, déanfar idirdhealú sa tuarascáil idir cineál éigeantach nó breise PTFanna. Ba cheart an t-idirdhealú sin a bheith bunaithe ar raon feidhme geografach PTFanna agus ar amlíne an tuairiscithe.

(3) Ina theannta sin, ceanglaítear le hAirteagal 17(3) de Threoir 2010/40/AE, ar na Ballstáit tuairisc a thabhairt gach 3 bliana tar éis na tuarascála tosaigh faoin dul chun cinn a bheidh déanta maidir le cur chun feidhme na Treorach seo agus na ngníomhartha tarmligthe agus na ngníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ar a bonn. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an teimpléad maidir leis na tuarascálacha tosaigh ar dhul chun cinn agus maidir leis na tuarascálacha ar dhul chun cinn ina dhiaidh sin.

([1]) IO L 207, 6.8.2010, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2010/40/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 305/2013 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2012 lena bhforlíontar Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le soláthar comhchuibhithe do Ghlao éigeandála idir-inoibritheach ar fud an Aontais (IO L 91, 3.4.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2013/305/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 885/2013 ón gCoimisiún an 15 Bealtaine 2013 lena bhforlíontar an Treoir maidir le Córas Cliste Iompair, mar atá Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seirbhísí faisnéise a sholáthar maidir le háiteanna páirceála sábháilte agus slána do thrucailí agus d'fheithiclí tráchtála (IO L 247, 18.9.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2013/885/oj).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 886/2013 ón gCoimisiún an 15 Bealtaine 2013 lena bhforlíontar Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sonraí agus nósanna imeachta chun faisnéis íosta tráchta uilíoch a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a sholáthar, i gcás inar féidir, saor in aisce d'úsáideoirí (IO L 247, 18.9.2013, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2013/886/oj).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/962 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2014 lena bhforlíontar Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir seirbhísí faisnéise tráchta fíor-ama uile-AE a sholáthar (IO L 157, 23.6.2015, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2015/962/oj).

([6]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1926 ón gCoimisiún an 31 Bealtaine 2017 lena bhforlíontar Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seirbhísí faisnéise ar an iompar ilmhódach ar fud an Aontais a sholáthar (IO L 272, 21.10.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/1926/oj).

([7]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/670 ón gCoimisiún an 2 Feabhra 2022 lena bhforlíontar Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir seirbhísí faisnéise tráchta fíor-ama uile-AE a sholáthar (IO L 122, 25.4.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/670/oj).

(4) Chun faisnéis bheartais ardleibhéil a chur ar fáil don Choimisiún, ba cheart go dtabharfar léargas sa tuarascáil ar infhaighteacht agus inrochtaineacht le himeacht ama na gcineálacha sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2010/40/AE agus ba cheart í a bheith bunaithe ar mheastacháin eolasacha i bhfigiúirí cruinne.

(5) D'fhonn faisnéis bheartais ardleibhéil a sholáthar freisin, ba cheart do na PTFanna léargas a thabhairt ar imscaradh agus ar thionchar threalamh agus sheirbhísí CCI san Aontas le himeacht ama. I gcás PTFanna sochair, lena ndéantar measúnú ar thionchar sheirbhísí CCI ar am taistil, tuairteanna bóthair agus astaíochtaí CO_2, is é an sprioc luachanna tagartha láidre a fháil, bunaithe ar shamplaí maithe leordhóthanacha. D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí eachtarshuíomh stuama a dhéanamh mar gheall ar na srianta a bhaineann le ríomhanna PTFanna, agus bheadh sé deacair uaireanta tionchar CCI a scaradh ó thionchar beart eile.

(6) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/453/AE ([8]) ón gCoimisiún bunaíodh treoirlínte neamhcheangailteacha maidir le tuairisciú ag na Ballstáit faoi Threoir 2010/40/AE. I bhfianaise chineál agus mhéid na n-athruithe a cheanglaítear faoi Airteagal 17 de Threoir 2010/40/AE, go háirithe cineál éigeantach an teimpléid agus a inneachair, lena n-áirítear PTFanna, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/453/AE a aisghairm.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Eorpach um CCInna,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leagtar amach in Iarscríbhinn I an teimpléad do na tuarascálacha tosaigh agus do na tuarascálacha ar dhul chun cinn, lena n-áirítear na príomhtháscairí feidhmíochta, dá dtagraítear in Airteagal 17 de Threoir 2010/40/AE.

Leagtar amach in Iarscríbhinn II cineál éigeantach nó breise na bpríomhtháscairí feidhmíochta, ag brath ar an raon feidhme geografach agus ar an amlíne.

Airteagal 2

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/453/AE.

Airteagal 3

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Samhain 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Wopke HOEKSTRA
Comhalta den Choimisiún

([8]) Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/453/AE ón gCoimisiún an 13 Iúil 2011 lena nglactar treoirlínte maidir le tuairisciú ag na Ballstáit faoi Threoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 193, 23.7.2011, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2011/453/oj).

IARSCRÍBHINN I

Teimpléad don tuarascáil tosaigh agus do na tuarascálacha ar dhul chun cinn

Treoir 2010/40/AE

Tuarascáil Cur Chun Feidhme 20XX

Ainm_tíre

Dáta

Clár

1. Réamhrá 5
1.1. Forléargas ginearálta ar na gníomhaíochtaí agus na tionscadail náisiúnta 5
1.2. Dul chun cinn ginearálta ó bhí [bliain na tuarascála roimhe seo] ann 5
1.3. Sonraí teagmhála 5
2. Príomhthionscadail, príomhghníomhaíochtaí agus príomhthionscnaimh 5
2.1. Réimse tosaíochta I. *Seirbhísí CCInna maidir le faisnéis agus soghluaisteacht* 5
2.1.1. Tuairisc ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhthionscadail náisiúnta 5
2.1.2. Dul chun cinn ó bhí [bliain na tuarascála roimhe seo] ann 5
2.1.3. Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1926 maidir le soláthar seirbhísí faisnéise ar an iompar ilmhódach ar fud an Aontais (gníomhaíocht tosaíochta a) 5
2.1.4. Oibleagáid tuairiscithe faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/670 maidir le soláthar seirbhísí faisnéise tráchta fíor-ama ar fud an Aontais (gníomhaíocht tosaíochta b) 5
2.2. Réimse tosaíochta II. *Seirbhísí CCI maidir le taisteal, iompar agus bainistíocht tráchta* 5
2.2.1. Tuairisc ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhthionscadail náisiúnta 5
2.2.2. Dul chun cinn ó bhí [bliain na tuarascála roimhe seo] ann 6
2.3. Réimse tosaíochta III. *Seirbhísí CCI maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre agus leis an tslándáil* 6
2.3.1. Tuairisc ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhthionscadail náisiúnta 6
2.3.2. Dul chun cinn ó bhí [bliain na tuarascála roimhe seo] ann 6
2.3.3. 112 eCall (gníomhaíocht tosaíochta d – Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 305/2013) 6
2.3.4. Oibleagáid tuairiscithe faoi Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 886/2013 maidir le sonraí agus nósanna imeachta chun faisnéis íosta uilíoch tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a sholáthar, i gcás inar féidir, saor in aisce d'úsáideoirí (gníomhaocht tosaíochta c) 6
2.3.5. Oibleagáid tuairiscithe faoi Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 885/2013 maidir le seirbhísí faisnéise a sholáthar d'áiteanna páirceála sábháilte agus slána do thrucailí agus d'fheithiclí tráchtála (gníomhaíocht tosaíochta e) 6
2.4. Réimse tosaíochta IV. *Seirbhísí CCI maidir leis an tsoghluaisteacht chomhoibríoch, nasctha agus uathoibrithe* 6
2.4.1. Tuairisc ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhthionscadail náisiúnta 6
2.4.2. Dul chun cinn ó bhí [bliain na tuarascála roimhe seo] ann 6
2.5. Infhaighteacht agus inrochtaineacht trí NAPanna na gcineálacha sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2010/40/AE 7
2.5.1. Sonraí a bhaineann le soláthar faisnéise faoi thrácht ar bhóithre agus seirbhísí loingseoireachta ar fud an Aontais 7
2.5.2. Sonraí a bhaineann le seirbhísí faisnéise agus áirithinte i dtaca le hionaid pháirceála do thrucailí agus d'fheithiclí tráchtála atá slán sábháilte 9
2.5.3. Sonraí maidir le teagmhais nó dálaí a braitheadh a bhaineann le faisnéis íosta uilíoch tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre 10
2.5.4. Sonraí trachta stataca ilmhódaigh le haghaidh seirbhísí faisnéise taistil ilmhódaigh ar fud an Aontais 10

2.6. Infhaighteacht na seirbhísí a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2010/40/AE 11
2.6.1. Seirbhísí le haghaidh faisnéis íosta uilíoch tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre 11
2.7. Tionscnaimh/buaicphointí eile 11
2.7.1. Tuairisc ar thionscnaimh/buaicphointí agus tionscadail náisiúnta eile nach gcumhdaítear i réimsí tosaíochta 1 go 4: 11
2.7.2. Dul chun cinn ó bhí [bliain na tuarascála roimhe seo] ann 11
3. Príomhtháscaire feidhmíochta (PTFanna) 11
3.1. PTFanna imscartha 11
3.1.1. Bonneagair/trealamh bailithe faisnéise (PTF bóthair) 11
3.1.2. Teagmhais a bhrath (PTF bóthair) 11
3.1.3. Bearta bainistíochta tráchta agus rialaithe tráchta (PTF bóthair) 11
3.1.4. Seirbhísí agus feidhmchláir C-ITS (PTF bóthair) 12
3.1.5. Faisnéis tráchta fíor-ama (PTF bóthair) 12
3.1.6. Faisnéis taistil dhinimiciúil (PTF ilmhódach) 12
3.1.7. Faisnéis faoi lasta (ilmhódach más féidir nó PTF bóthair) 12
3.2. PTFanna sochair 12
3.2.1. Athrú ar am taistil (PTF bóthair) 12
3.2.2. Athrú ar an líon timpistí bóthair as a dtagann básanna nó gortuithe (PTF bóthair) 13
3.2.3. Athrú ar astaíochtaí tráchta-CO_2 (PTF bóthair) 13
3.3. PTFanna airgeadais 13

1. **Réamhrá**

1.1. **Forléargas ginearálta ar na gníomhaíochtaí agus na tionscadail náisiúnta**

Lena n-áirítear reachtaíocht nó straitéisí náisiúnta maidir le Córais Chliste Iompair (CCInna), nó an dá rud

1.2. **Dul chun cinn ginearálta ó bhí [bliain na tuarascála roimhe seo] ann**

Achoimre ar an dul chun cinn ó bhí an tuarascáil roimhe seo ann:

1.3. **Sonraí teagmhála**

2. **Príomhthionscadail, príomhghníomhaíochtaí agus príomhthionscnaimh**

2.1. **Réimse tosaíochta I. Seirbhísí CCInna maidir le faisnéis agus soghluaisteacht**

2.1.1. *Tuairisc ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhthionscadail náisiúnta*

Tuairisc ar na tionscnaimh ábhartha, a gcuspóir, a n-amscála, a ngarspriocanna, a n-acmhainní, a bpríomhpháirtí leasmhar/a bpríomhpháirtithe leasmhara agus a stádas:

2.1.2. *Dul chun cinn ó bhí [bliain na tuarascála roimhe seo] ann*

Tuairisc ar an dul chun cinn sa réimse ó bhí [bliain na tuarascála roimhe] ann:

2.1.3. *Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1926 maidir le soláthar seirbhísí faisnéise ar an iompar ilmhódach ar fud an Aontais (gníomhaíocht tosaíochta a)*

An dul chun cinn a rinneadh maidir le hinrochtaineacht, malartú agus athúsáid na gcineálacha sonraí taistil agus tráchta a leagtar amach san Iarscríbhinn:

Raon feidhme geografach na sonraí a leagtar amach san Iarscríbhinn a bhfuil rochtain orthu tríd an bpointe rochtana náisiúnta, agus cáilíocht na sonraí sin, lena n-áirítear na critéir a úsáidtear chun an cháilíocht sin a shainiú agus na modhanna a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh uirthi:

Seirbhísí faisnéise taistil a nascadh:

Torthaí an mheasúnaithe ar chomhlíonadh dá dtagraítear in Airteagal 9:

I gcás inarb ábhartha, tuairisc ar athruithe ar an bpointe rochtana náisiúnta nó ar an bpointe rochtana comhchoiteann:

Faisnéis bhreise (e.g. ar cuireadh mobilityDCAT-AP nó catalóga meiteashonraí eile chun feidhme?):

2.1.4. *Oibleagáid tuairiscithe faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/670 maidir le soláthar seirbhísí faisnéise tráchta fíor-ama ar fud an Aontais (gníomhaíocht tosaíochta b)*

An dul chun cinn a rinneadh maidir le hinrochtaineacht, malartú agus athúsáid na gcineálacha sonraí a leagtar amach san Iarscríbhinn:

Raon feidhme geografach na sonraí atá inrochtana tríd an bPointe Rochtana Náisiúnta, athruithe ar an ngréasán bóithre príomha agus inneachar sonraí na seirbhísí faisnéise tráchta fíor-ama agus a gcáilíocht, lena n-áirítear na critéir a úsáidtear chun an cháilíocht sin a shainiú agus na modhanna a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh uirthi:

Torthaí an mheasúnaithe ar chomhlíonadh dá dtagraítear in Airteagal 12 leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 3 go 11:

I gcás inarb ábhartha, tuairisc ar athruithe ar an bpointe rochtana náisiúnta nó ar an bpointe rochtana comhchoiteann:

Faisnéis bhreise (e.g. cé na cineálacha sonraí atá á soláthar? Ar cuireadh mobilityDCAT-AP nó catalóga meiteashonraí eile chun feidhme? An bhfuil na ceanglais cháilíochta á seiceáil?):

2.2. **Réimse tosaíochta II. Seirbhísí CCI maidir le taisteal, iompar agus bainistíocht tráchta**

2.2.1. *Tuairisc ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhthionscadail náisiúnta*

Tuairisc ar na tionscnaimh ábhartha, a gcuspóir, a n-amscála, a ngarspriocanna, a n-acmhainní, a bpríomhpháirtí leasmhar/a bpríomhpháirtithe leasmhara agus a stádas:

2.2.2. *Dul chun cinn ó bhí [bliain na tuarascála roimhe seo] ann*

Tuairisc ar an dul chun cinn sa réimse ó bhí [bliain na tuarascála roimhe seo] ann:

2.3. **Réimse tosaíochta III. Seirbhísí CCI maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre agus leis an tslándáil**

2.3.1. *Tuairisc ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhthionscadail náisiúnta*

Tuairisc ar na tionscnaimh ábhartha, a gcuspóir, a n-amscála, a ngarspriocanna, a n-acmhainní, a bpríomhpháirtí leasmhar/a bpríomhpháirtithe leasmhara agus a stádas:

2.3.2. *Dul chun cinn ó bhí [bliain na tuarascála roimhe seo] ann*

Tuairisc ar an dul chun cinn sa réimse ó bhí [bliain na tuarascála roimhe seo] ann:

2.3.3. *112 eCall (gníomhaíocht tosaíochta d - Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 305/2013)*

Faisnéis faoi aon athrú maidir le bonneagar náisiúnta PSAPanna eCall agus na húdaráis atá inniúil chun measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht oibríochtaí PSAPanna eCall:

Faisnéis bhreise:

2.3.4. *Oibleagáid tuairiscithe faoi Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 886/2013 maidir le sonraí agus nósanna imeachta chun faisnéis íosta uilíoch tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a sholáthar, i gcás inar féidir, saor in aisce d'úsáideoirí (gníomhaíocht tosaíochta c)*

An dul chun cinn atá déanta maidir leis an tseirbhís faisnéise a chur chun feidhme, lena n-áirítear na critéir a úsáidtear chun a leibhéal cáilíochta a shainiú agus na modhanna a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar a cáilíocht:

Torthaí an mheasúnaithe ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar amach in Airteagail 3 go 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 886/2013:

I gcás inarb ábhartha, tuairisc ar athruithe ar an bpointe rochtana náisiúnta:

Faisnéis bhreise (e.g. foinsí sonraí a úsáidtear chun faisnéis tráchta a bhaineann le sábháilteacht a sholáthar):

2.3.5. *Oibleagáid tuairiscithe faoi Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 885/2013 maidir le seirbhísí faisnéise a sholáthar d'áiteanna páirceála sábháilte agus slána do thrucailí agus d'fheithiclí tráchtála (gníomhaíocht tosaíochta e)*

An líon áiteanna páirceála agus na spásanna páirceála éagsúla ar a gcríoch:

An céatadán áiteanna páirceála atá cláraithe sa tseirbhís faisnéise:

An céatadán áiteanna páirceála lena soláthraítear faisnéis dhinimiciúil maidir le hinfhaighteacht spásanna páirceála agus criosanna tosaíochta:

Faisnéis bhreise: (e.g. an bhfuil pointe rochtana náisiúnta curtha ar bun chun sonraí páirceála trucailí a sholáthar? An bhfuil sonraí dinimiciúla san áireamh leis sin? Cad é foinse na sonraí (foinse phoiblí/foinse phríobháideach)? An bhfuil na sonraí foilsithe ar an bPointe Rochtana Eorpach le haghaidh Páirceáil Trucailí á óstáil ag AS MOVE? Mura bhfuil, an bhfuil aon rún ann é sin a dhéanamh amach anseo?)

2.4. **Réimse tosaíochta IV. Seirbhísí CCI maidir leis an tsoghluaisteacht chomhoibríoch, nasctha agus uathoibrithe**

2.4.1. *Tuairisc ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhthionscadail náisiúnta*

Tuairisc ar na tionscnaimh ábhartha, a gcuspóir, a n-amscála, a ngarspriocanna, a n-acmhainní, a bpríomhpháirtí leasmhar/a bpríomhpháirtithe leasmhara agus a stádas: go háirithe, faisnéis a sholáthar maidir le tionscnaimh imscartha C-ITS agus a sonraíochtaí teicniúla.

2.4.2. *Dul chun cinn ó bhí [bliain na tuarascála roimhe seo] ann*

Tuairisc ar an dul chun cinn sa réimse ó bhí [bliain na tuarascála roimhe seo] ann:

2.5. **Infhaighteacht agus inrochtaineacht trí NAPanna na gcineálacha sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2010/40/AE**

Prionsabail ríomha:

** Le haghaidh faisnéis statach: bunaithe ar fhad roinnte ar an bhfad iomlán i gciliméadair. Is é an fad iomlán fad an ghréasáin a bhfuil an fhaisnéis fholuiteach ann ina leith, e.g. tá feidhm ag teorainneacha luais i ngach áit (nach mór), ach níl feidhm ag coinníollacha rochtana le haghaidh tollán ach amháin maidir le codanna tollán (fad na gcodanna tollán).*

*** Le haghaidh faisnéis dhinimiciúil/shealadach: tagraíonn infhaighteacht sonraí don chumas na sonraí a chur ar fáil agus a dhéanamh inrochtana i bhformáid mheaisín-inléite ar chéatadán áirithe den ghréasán, aon uair is ann/a fheictear an fhaisnéis fholuiteach, bunaithe ar fhad an gréasáin leis an gcumas sin roinnte ar fhad iomlán i gciliméadair.*

2.5.1. *Sonraí a bhaineann le soláthar faisnéise faoi thrácht ar bhóithre agus seirbhísí loingseoireachta ar fud an Aontais*

An cineál sonraí	Cumhdach geografach	% den raon feidhme geografach i gcás ina bhfuil an cineál sonraí ar fáil		Nótaí
1. Sonraí a bhaineann le soláthar faisnéise faoi thrácht ar bhóithre agus seirbhísí loingseoireachta ar fud an Aontais:				
1.1 Catagóir: Rialacháin tráchta stataca agus dinimiciúla, i gcás inarb infheidhme, lena n-áirítear:				
1.1.1 Fo-chatagóir: — coinníollacha rochtana le haghaidh tollán — coinníollacha rochtana le haghaidh droichead — teorainneacha luais — toirmisc ar scoitheadh le haghaidh feithiclí earraí troma — srianta ar mheáchan/ar fhad/ar leithead/ar airde	*Croíghréasán tras-Eorpach na mbóithre*	coinníollacha rochtana le haghaidh tollán*	% *[Tabhair faoi deara: is féidir an líon agus an % tollán a sholáthar má tá sin níos ábhartha]*	
		coinníollacha rochtana le haghaidh droichead*	% *[Tabhair faoi deara: is féidir an líon agus an % tollán a sholáthar má tá sin níos ábhartha]*	
		teorainneacha luais*	%	
		toirmisc ar scoitheadh le haghaidh feithiclí earraí troma*	%	
		srianta meáchain/faid/leithid/airde*	%	
	Gréasán tras-Eorpach cuimsitheach le haghaidh bóithre, mótarbhealaí eile agus codanna de phríomhbhóithre, a bhfuil meántrácht laethúil iomlán acu in aghaidh na bliana ar mó é ná 8 500 feithicil, agus le haghaidh gach bóthair sna cathracha i lár gach Nóid Uirbigh (teoranta do > 7 000 feithicil in aghaidh an lae más infheidhme)	coinníollacha rochtana le haghaidh tollán*	%	
		coinníollacha rochtana le haghaidh droichead*	%	
		teorainneacha luais*	%	
		toirmisc ar scoitheadh le haghaidh feithiclí earraí troma*	%	
		srianta ar mheáchan/ar fhad/ar leithead/ar airde*	%	

Fochatagóir: — sráideanna aontreo	*Bonneagar bóithre sna cathracha i lár gach Nóid Uirbigh*	sráideanna aontreo*	*%* *[Tabhair faoi deara: más ábhartha, is féidir an líon agus an % cathracha atá in ann sonraí den sórt sin a chur ar fáil a sholáthar freisin]*	
Fochatagóir: — rialacháin maidir le seachadadh lastais	*Bonneagar bóithre sna cathracha i lár gach Nóid Uirbigh*	rialacháin maidir le seachadadh lastais*	*%* *[Tabhair faoi deara: más ábhartha, is féidir an líon agus an % cathracha atá in ann sonraí den sórt sin a chur ar fáil a sholáthar freisin]*	
Fochatagóir: — treo an taistil ar lánaí inaisiompaithe	*Croíghréasán tras-Eorpach cuimsitheach le haghaidh bóithre, mótarbhealaí eile agus codanna de phríomhbhóithre, a bhfuil meántrácht laethúil iomlán acu in aghaidh na bliana ar mó é ná 8 500 feithicil, agus le haghaidh gach bóthair sna cathracha i lár gach Nóid Uirbigh (teoranta do > 7 000 feithicil in aghaidh an lae, más infheidhme)*	treo an taistil ar lánaí inaisiompaithe*	*%*	
Fochatagóir: — pleananna cúrsaíochta tráchta	*Croíghréasán tras-Eorpach cuimsitheach le haghaidh bóithre, mótarbhealaí eile agus codanna de phríomhbhóithre, a bhfuil meántrácht laethúil iomlán acu in aghaidh na bliana ar mó é ná 8 500 feithicil, agus le haghaidh gach bóthair sna cathracha i lár gach Nóid Uirbigh (teoranta do > 7 000 feithicil in aghaidh an lae, más infheidhme)*	pleananna cúrsaíochta tráchta*	*%* *[Tabhair faoi deara: mura féidir fad an ghréasáin a ríomh, is féidir an líon agus an % pleananna cúrsaíochta tráchta a sholáthar]*	
Fochatagóir: — srianta buana ar rochtain	*Croíghréasán tras-Eorpach cuimsitheach le haghaidh bóithre, mótarbhealaí eile agus codanna de phríomhbhóithre, a bhfuil meántrácht laethúil iomlán acu in aghaidh na bliana ar mó é ná 8 500 feithicil, agus le haghaidh gach bóthair sna cathracha i lár gach Nóid Uirbigh (teoranta do > 7 000 feithicil in aghaidh an lae, más infheidhme)*	srianta buana ar rochtain*	*%*	
Fochatagóir: — teorainneacha srianta, toirmisc nó oibleagáidí le bailíocht chriosach, stádas rochtana reatha agus coinníollacha le haghaidh cúrsaíochta i gcriosanna tráchta rialáilte	*Croíghréasán tras-Eorpach cuimsitheach le haghaidh bóithre, mótarbhealaí eile agus codanna de phríomhbhóithre, a bhfuil meántrácht laethúil iomlán acu in aghaidh na bliana ar mó é ná 8 500 feithicil, agus le haghaidh gach bóthair sna cathracha i lár gach Nóid Uirbigh (teoranta do > 7 000 feithicil in aghaidh an lae, más infheidhme)*	teorainneacha srianta, toirmisc nó oibleagáidí le bailíocht chriosach, stádas rochtana reatha agus coinníollacha le haghaidh cúrsaíochta i gcriosanna tráchta rialáilte*	*%* *[Tabhair faoi deara: mura féidir fad an ghréasáin a ríomh, is féidir an líon agus an % teorainneacha srianta, toirmeasc, etc. a sholáthar]*	

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/264/oj
IO L, 10.2.2025

1.2 Cineálacha sonraí maidir le staid an ghréasáin:				
Fochatagóir: — dúnadh bóithre — dúnadh lánaí — oibreacha bóthair	*Croíghréasán tras-Eorpach le haghaidh bóithre*	dúnadh bóithre**	%	
		dúnadh lánaí**	%	
		oibreacha bóthair**	%	
	Gréasán tras-Eorpach cuimsitheach le haghaidh bóithre	dúnadh bóithre**	%	
		dúnadh lánaí**	%	
		oibreacha bóthair**	%	
Fochatagóir: — bearta bainistíochta tráchta sealadacha	*Croíghréasán tras-Eorpach cuimsitheach le haghaidhbóithre*	- bearta bainistíochta tráchta sealadacha**	%	

2.5.2. *Sonraí a bhaineann le seirbhísí faisnéise agus áirithinte i dtaca le hionaid pháirceála do thrucailí agus d'fheithiclí tráchtála atá slán sábháilte*

An cineál sonraí	Cumhdach geografach	% na n-áiteanna páirceála a bhfuil sonraí ar fáil ina leith		Nótaí
2. Sonraí a bhaineann le seirbhísí faisnéise agus áirithinte i dtaca le hionaid pháirceála do thrucailí agus d'fheithiclí tráchtála atá slán sábháilte:				
Catagóir: sonraí statacha *Fochatagóir:* — sonraí statacha maidir leis na limistéir pháirceála — faisnéis maidir le sábháilteacht agus trealamh an limistéir páirceála	*Croíghréasán tras-Eorpach le haghaidh bóithre*	sonraí statacha maidir leis na limistéir pháirceála	%	
		faisnéis maidir le sábháilteacht agus trealamh an limistéir páirceála	%	
	Gréasán tras-Eorpach cuimsitheach le haghaidh bóithre	sonraí statacha maidir leis na limistéir pháirceála	%	
		faisnéis maidir le sábháilteacht agus trealamh an limistéir páirceála	%	
Catagóir: sonraí dinimiciúla *Fochatagóir:* — sonraí dinimiciúla maidir le hinfhaighteacht áiteanna páirceála, lena n-áirítear sonraí faoi ionad páirceála a bheith: lán, dúnta, nó faoin líon áiteanna saora atá ar fáil.	*Croíghréasán tras-Eorpach cuimsitheach na mbóithre*	sonraí dinimiciúla maidir le hinfhaighteacht áiteanna páirceála, lena n-áirítear sonraí faoi ionad páirceála a bheith: lán, dúnta, nó faoin líon áiteanna saora atá ar fáil.	%	

2.5.3. *Sonraí maidir le teagmhais nó dálaí a braitheadh a bhaineann le faisnéis íosta uilíoch tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre*

An cineál sonraí	Cumhdach geografach	% den raon feidhme geografach i gcás ina bhfuil an cineál sonraí ar fáil		Nótaí
3. Sonraí maidir le teagmhais nó dálaí a braitheadh a bhaineann le faisnéis íosta uilíoch tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre:				
Catagóir: sonraí dinimiciúla *Fochatagóir:* — bóthar atá sleamhain go sealadach — ainmhithe, daoine, constaicí, nó smionagar ar an mbóthar — limistéar timpiste gan chosaint — oibreacha bóthair gearrthéarmacha — tiománaí ar threo contráilte — bóthar blocáilte gan bhainistíocht	*Croíghréasán tras-Eorpach cuimsitheach le haghaidhbóithre agus mótarbhealaí nach bhfuil sa ghréasán sin*	bóthar atá sleamhain go sealadach**	%	
		ainmhithe, daoine, constaicí, nó smionagar ar an mbóthar**	%	
		limistéar timpiste gan chosaint**	%	
		oibreacha bóthair gearrthéarmacha**	%	
		tiománaí ar threo contráilte**	%	
		bóthar blocáilte gan bhainistíocht**	%	
Fochatagóir: — léargas íseal — dálaí aimsire eisceachtúla	*Croíghréasán tras-Eorpach cuimsitheach le haghaidh bóithre agus mótarbhealaí nach bhfuil sa ghréasán sin*	léargas íseal**	%	
		dálaí aimsire eisceachtúla**	%	

2.5.4. *Sonraí tráchta statacha ilmhódaigh le haghaidh seirbhísí faisnéise taistil ilmhódaigh ar fud an Aontais*

**** I gcás inar féidir, tabhair figiúirí de réir an mhodha iompair sceidealaithe, dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1926 (amhail aer, iarnród lena n-áirítear iarnród ardluais, gnáthiarnród, iarnród éadrom, cábla-bhealaí, cóiste fadraoin, muiriompar lena n-áirítear bád farantóireachta, uiscebhealaí intíre, meitreo, tram, bus, bus tralaí)*

An cineál sonraí	Cumhdach geografach	% de na nóid i gcás ina mbeidh sonraí ar fáil le haghaidh an mhodha iompair sceidealaithe		Nótaí
4. Sonraí tráchta statacha ilmhódaigh le haghaidh seirbhísí faisnéise taistil ilmhódaigh ar fud an Aontais:				
Catagóir Suíomh na nód rochtana sainaitheanta le haghaidh gach modha sceidealaithe, lena n-áirítear faisnéis faoi inrochtaineacht na nód rochtana agus na gconairí laistigh de phointe aistrithe (amhail ardaitheoirí nó staighrí beo a bheith ann)	*Nóid uirbeacha mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (p), de Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 agus a liostaítear sa Rialachán sin, lena n-áirítear na bóithre sin a riarann na cathracha*	Suíomh na nód rochtana sainaitheanta le haghaidh gach modha sceidealaithe, lena n-áirítear faisnéis faoi inrochtaineacht na nód rochtana agus na gconairí laistigh de phointe aistrithe (amhail ardaitheoirí nó staighrí beo a bheith ann)***	%	
	Gréasán iompair iomlán an Aontais	Suíomh na nód rochtana sainaitheanta le haghaidh gach modha sceidealaithe, lena n-áirítear faisnéis faoi inrochtaineacht na nód rochtana agus na gconairí laistigh de phointe aistrithe (amhail ardaitheoirí nó staighrí beo a bheith ann)***	%	

2.6. **Infhaighteacht na seirbhísí a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2010/40/AE**

2.6.1. *Seirbhísí le haghaidh faisnéis íosta uilíoch tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre*

Seirbhís	**Cumhdach geografach**	**% an raon feidhme geografach a chumhdaítear**
Seirbhís faisnéise íosta uilíoch tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre	*Croíghréasán tras-Eorpach cuimsitheach* na mbóithre	%

2.7. **Tionscnaimh/buaicphointí eile**

2.7.1. *Tuairisc ar thionscnaimh/buaicphointí agus tionscadail náisiúnta eile nach gcumhdaítear i réimsí tosaíochta 1 go 4:*

Tuairisc ar na tionscnaimh ábhartha, a gcuspóir, a n-amscála, a ngarspriocanna, a n-acmhainní, a bpríomhpháirtí leasmhar/a bpríomhpháirtithe leasmhara agus a stádas:

2.7.2. *Dul chun cinn ó bhí [bliain na tuarascála roimhe seo] ann*

Tuairisc ar an dul chun cinn sa réimse ó bhí [bliain na tuarascála roimhe seo] ann:

3. **PRÍOMHTHÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA (PTFanna)**

Tuairisceofar PTFanna ar leithligh de réir an chineáil gréasáin bóithre/gréasáin iompair agus nód (i gcás inarb iomchuí).

3.1. **PTFanna imscartha**

3.1.1. *Bonneagair/trealamh bailithe faisnéise (PTF bóthair)*

Figiúirí atá le soláthar de réir an chineáil gréasáin.

Figiúirí atá le soláthar de réir an chineáil seirbhísí, agus i gcás inarb ábhartha trí idirdhealú a dhéanamh idir trealamh suite agus trealamh móibíleach.

PTFanna le ríomh de réir an chineáil gréasáin.

— Fad an chineáil gréasáin bóithre/na gcodanna bóthair (in km) atá feistithe le bonneagair bailithe faisnéise agus fad iomlán an chineáil chéanna gréasáin bóithre sin (in km):

— PTF = (ciliméadair den chineál gréasáin bóithre atá feistithe le bonneagair bailithe faisnéise/ciliméadair iomlána den chineál céanna gréasáin bóithre) × 100

3.1.2. *Teagmhais a bhrath (PTF bóthair)*

Figiúirí atá le soláthar de réir an chineáil gréasáin.

PTF le ríomh de réir an chineáil gréasáin.

— Fad an chineáil gréasáin bóithre/na gcodanna bóthair (in km) atá feistithe le CCI chun teagmhas a bhrath agus fad iomlán an chineáil chéanna gréasáin bóithre sin (in km):

— PTF = (ciliméadair den chineál gréasáin bóithre atá feistithe le CCI chun teagmhas a bhrath/ciliméadair iomlána den chineál céanna gréasáin bóithre) × 100

3.1.3. *Bearta bainistíochta tráchta agus rialaithe tráchta (PTF bóthair)*

Figiúirí atá le soláthar de réir an chineáil gréasáin.

PTF le ríomh de réir an chineáil gréasáin.

— Fad an chineáil gréasáin bóithre/na gcodanna bóthair (in km) a chumhdaítear le bearta bainistíochta tráchta agus rialaithe tráchta agus fad iomlán an chineáil chéanna gréasáin bóithre sin (in km):

— PTF = (ciliméadair den chineál gréasáin bóithre a chumhdaítear le bearta bainistíochta tráchta agus rialaithe tráchta/ciliméadair iomlána den chineál céanna gréasáin bóithre) × 100

3.1.4. *Seirbhísí agus feidhmchláir C-ITS (PTF bóthair)*

Figiúirí atá le soláthar de réir an chineáil gréasáin.

PTF le ríomh de réir an chineáil gréasáin.

— Fad an chineáil gréasáin bóithre/na gcodanna bóthair (in km) a chumhdaítear le seirbhísí nó feidhmchláir C-ITS agus fad iomlán an chineáil chéanna gréasáin bóithre sin (in km):

— PTF = (ciliméadair den chineál gréasáin bóithre a chumhdaítear le seirbhísí nó feidhmchláir C-ITS/ciliméadair iomlána den chineál céanna gréasáin bóithre) × 100

3.1.5. *Faisnéis tráchta fíor-ama (PTF bóthair)*

Figiúirí atá le soláthar de réir an chineáil gréasáin.

PTF le ríomh de réir an chineáil gréasáin.

— Fad an chineáil gréasáin bóithre/na gcodanna bóthair (in km) ina soláthraítear seirbhísí faisnéise tráchta fíor-ama agus fad iomlán an chineáil chéanna gréasáin bóithre sin (in km):

— PTF = (ciliméadair den chineál gréasáin bóithre ina soláthraítear seirbhísí faisnéise tráchta fíor-ama/ciliméadair iomlána den chineál céanna gréasáin bóithre) × 100

3.1.6. *Faisnéis taistil dhinimiciúil (PTF ilmhódach)*

Figiúirí atá le soláthar de réir an chineáil gréasáin/nóid.

PTF le ríomh de réir an chineáil gréasáin/nóid (i gcás inarb ábhartha); más ábhartha, léirigh an cion seirbhísí atá inrochtana do phaisinéirí a bhfuil soghluaisteacht, treoshuíomh agus/nó cumarsáid laghdaithe acu.

— Fad an chineáil gréasáin iompair (in km) ina soláthraítear seirbhísí faisnéise taistil dinimiciúla agus fad iomlán an chineáil chéanna gréasáin iompair sin (in km):

— An líon nód iompair (e.g. stáisiúin iarnróid nó bus) arna gcumhdach ag seirbhísí faisnéise taistil dinimiciúla agus an líon iomlán nód iompair céanna:

— PTF = (ciliméadair den chineál gréasáin iompair ag a bhfuil soláthar seirbhísí faisnéise taistil dinimiciúla/ciliméadair iomlána den chineál céanna gréasáin iompair sin) × 100

— PTF = (an líon nód iompair ag a bhfuil soláthar seirbhísí faisnéise taistil dinimiciúla/an líon iomlán nód iompair céanna) × 100

3.1.7. *Faisnéis faoi lasta (ilmhódach más féidir nó PTF bóthair)*

Figiúirí atá le soláthar de réir an chineáil gréasáin/nóid.

PTF le ríomh de réir an chineáil gréasáin/nóid (i gcás inarb ábhartha); más ábhartha, léirigh an cion seirbhísí atá inrochtana do phaisinéirí a bhfuil soghluaisteacht, treoshuíomh agus/nó cumarsáid laghdaithe acu.

— Fad an chineáil gréasáin bóithre/na gcodanna bóthair (in km) ina soláthraítear seirbhísí faisnéise lasta agus fad iomlán an chineáil chéanna gréasáin bóithre sin (in km):

— An líon nód lasta (e.g. calafoirt, ardáin lóistíochta) a chumhdaítear le seirbhísí faisnéise lasta agus an líon iomlán nód lasta céanna:

— PTF = (ciliméadair den chineál gréasáin bóithre ina soláthraítear seirbhísí faisnéise lasta/ciliméadair iomlána den chineál céanna gréasáin bóithre) × 100

— PTF = (an líon nód lasta ag a bhfuil soláthar seirbhísí faisnéise lasta/an líon iomlán nód lasta céanna) × 100

3.2. **PTFanna sochair**

3.2.1. *Athrú ar am taistil (PTF bóthair)*

Áirítear freisin leis na figiúirí atá le soláthar feithicil.km don bhealach/limistéar atá á mheas.

PTF = ((am taistil roimh CCI a chur chun feidhme nó a fheabhsú – am taistil tar éis CCI a chur chun feidhme nó a fheabhsú)/ am taistil roimh CCI a chur chun feidhme nó a fheabhsú) × 100

3.2.2. *Athrú ar an líon timpistí bóthair as a dtagann básanna nó gortuithe (PTF bóthair)*

Más féidir, is féidir idirdhealú a dhéanamh idir tuairteanna a mbíonn básanna, gortuithe tromchúiseacha nó gortuithe beaga mar thoradh orthu.

Áirítear freisin leis na figiúirí atá le soláthar feithicil.km don bhealach/limistéar atá á mheas.

— Líon na dtuairteanna bóthair as a n-eascraíonn básanna nó gortuithe roimh CCI a chur chun feidhme nó a fheabhsú:

— Líon na dtuairteanna bóthair as a n-eascraíonn básanna nó gortuithe tar éis CCI a chur chun feidhme nó a fheabhsú:

3.2.3. *Athrú ar astaíochtaí tráchta-CO_2 (PTF bóthair)*

Sonraigh bealaí/limistéir inar cuireadh CCI chun feidhme nó inar feabhsaíodh é. Beidh an fad nó an limistéar ar laistigh de a ríomhtar an t-athrú ar astaíochtaí CO_2 fada nó leathan go leor le bheith ionadaíoch.

PTF = (astaíochtaí tráchta-CO_2 roimh CCI a chur chun feidhme nó a fheabhsú – astaíochtaí tráchta-CO_2 tar éis cur chun feidhme nó feabhsaithe)/astaíochtaí tráchta-CO_2 roimh CCI a chur chun feidhme nó a fheabhsú) × 100

3.3. **PTFanna airgeadais**

Áirítear le CCI aon chineál córas agus seirbhísí le chéile.

Infheistíocht phoiblí* bhliantúil in CCI bóithre (mar % d'infheistíochtaí iomlána sa bhonneagar iompair):

Costais bhliantúla phoiblí* oibriúcháin agus chothabhála CCI bóithre (in euro in aghaidh an chiliméadair den ghréasán a chumhdaítear):

* *riaracháin phoiblí nó eintitis faoi úinéireacht phoiblí*

I gcás inar féidir, tabhair na figiúirí céanna le haghaidh infheistíochtaí príobháideacha agus costais phríobháideacha.

IARSCRÍBHINN II

Príomhthascairí feidhmíochta (PTFanna)

	Ainm PTF	**Raon feidhme geografach**	**Amlíne**
PTFanna imscartha	Bonneagair/trealamh bailithe faisnéise (PTF bóthair)	Croíghréasán leathnaithe cuimsitheach TEN-T (gan nóid uirbeacha) + mótarbhealaí	Éigeantach in 2025
		Nóid uirbeacha ó ghréasán TEN-T + príomhbhóithre	Éigeantach in 2028 (deonach roimhe seo)
		Gréasán bóithre ina iomláine	PTF breise le soláthar ar bhonn deonach
	Teagmhais a bhrath (PTF bóthair)	Croíghréasán leathnaithe cuimsitheach TEN-T (gan nóid uirbeacha) + mótarbhealaí	Éigeantach in 2025
		Nóid uirbeacha ó ghréasán TEN-T + príomhbhóithre	Éigeantach in 2028 (deonach roimhe seo)
		Gréasán bóithre ina iomláine	PTF breise le soláthar ar bhonn deonach
	Bearta bainistíochta tráchta agus rialaithe tráchta (PTF bóthair)	Croíghréasán leathnaithe cuimsitheach TEN-T (gan nóid uirbeacha) + mótarbhealaí	Éigeantach in 2025
		Nóid uirbeacha ó ghréasán TEN-T + príomhbhóithre	Éigeantach in 2028 (deonach roimhe seo)
		Gréasán bóithre ina iomláine	PTF breise le soláthar ar bhonn deonach
	Seirbhísí agus feidhmchláir C-ITS (PTF bóthair)	Croíghréasán leathnaithe cuimsitheach TEN-T (gan nóid uirbeacha) + mótarbhealaí	Éigeantach in 2025
		Nóid uirbeacha ó ghréasán TEN-T + príomhbhóithre	Éigeantach in 2028 (deonach roimhe seo)
		Gréasán bóithre ina iomláine	PTF breise le soláthar ar bhonn deonach
	Faisnéis tráchta fíor-ama (PTF bóthair)	Croíghréasán leathnaithe cuimsitheach TEN-T (gan nóid uirbeacha) + mótarbhealaí	Éigeantach in 2025
		Nóid uirbeacha ó ghréasán TEN-T + príomhbhóithre	Éigeantach in 2028 (deonach roimhe seo)
		Gréasán bóithre ina iomláine	PTF breise le soláthar ar bhonn deonach
	Faisnéis taistil dhinimiciúil (PTF ilmhódach)	Croíghréasán leathnaithe cuimsitheach TEN-T (gan nóid uirbeacha) + mótarbhealaí	Éigeantach in 2025
		Nóid uirbeacha ó ghréasán TEN-T + nóid iompair + príomhbhóithre	Éigeantach in 2028 (deonach roimhe seo)
		Gréasán iompair ina iomláine	PTF breise le soláthar ar bhonn deonach

	Faisnéis faoi lastas (PTF ilmhódach más féidir, nó PTF bóthair)	Croíghréasán leathnaithe cuimsitheach TEN-T (gan nóid uirbeacha) + mótarbhealaí	Éigeantach in 2025
		Nóid uirbeacha ó ghréasán TEN-T + nóid iompair + príomhbhóithre	Éigeantach in 2028 (deonach roimhe seo)
		Gréasán iompair ina iomláine	PTF breise le soláthar ar bhonn deonach
PTFanna sochair	Athrú ar am taistil (PTF bóthair)	Croíghréasán leathnaithe cuimsitheach TEN-T + mótarbhealaí	Éigeantach in 2028 (deonach roimhe seo)
	Athrú ar an líon timpistí bóthair as a dtagann básanna nó gortuithe (PTF bóthair)	Croíghréasán leathnaithe cuimsitheach TEN-T + mótarbhealaí	Éigeantach in 2028 (deonach roimhe seo)
	Athrú ar astaíochtaí tráchta-CO_2 (PTF bóthair)	Croíghréasán leathnaithe cuimsitheach TEN-T + mótarbhealaí	Éigeantach in 2028 (deonach roimhe seo)
PTFanna airgeadais	Infheistíocht phoiblí bhliantúil in CCI bóithre *(+ figiúirí le haghaidh infheistíochtaí príobháideacha i gcás inar féidir)*	Croíghréasán leathnaithe cuimsitheach TEN-T (gan nóid uirbeacha) + mótarbhealaí	Éigeantach in 2025
		Nóid uirbeacha ó ghréasán TEN-T + príomhbhóithre	Éigeantach in 2028 (deonach roimhe seo)
		Gréasán bóithre ina iomláine	PTF breise le soláthar ar bhonn deonach
	Costais bhliantúla phoiblí oibriúcháin agus chothabhála CCI bóithre *(+ figiúirí maidir le costais phríobháideacha i gcás inar féidir)*	Croíghréasán leathnaithe cuimsitheach TEN-T (gan nóid uirbeacha) + mótarbhealaí	Éigeantach in 2025
		Nóid uirbeacha ó ghréasán TEN-T + príomhbhóithre	Éigeantach in 2028 (deonach roimhe seo)
		Gréasán bóithre ina iomláine	PTF breise le soláthar ar bhonn deonach